## Doiciméid Aitheantais do Dhuine Aonair

Tomhaltóir, trádálaí aonair nó aon duine nádúrtha eile ar féidir leo UPSP a chur ar fáil

Chun do thuarascáil chreidmheasa a iarraidh nó aon cheann eile de do chearta a fheidhmiú, beidh ort foirm iarratais ar líne a chomhlánú agus na doiciméid aitheantais seo a leanas a chur i gceangal léi:

### 1. Cruthúnas ar do chéannacht

Uaslódáil cóip shoiléir, inléite de cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas (níor cheart go mbeadh an doiciméad sin breis agus 6 mhí níos sine ná a dháta éagtha):

- **Pas** - leathanach aitheantais do phas ar a mbeidh d'ainm, do dháta breithe, grianghraf agus síniú; nó
- **Ceadúnas Tiomána AE** - an taobh aitheantais (grianghraf, ainm agus síniú) de do cheadúnas tiomána AE.

*Déan teagmháil linn ag myrequest@centralcreditregister.ie mura féidir leat ceann den dá dhoiciméad thuas a chur ar fáil*

### 2. Cruthúnas ar do sheoladh

Uaslódáil cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas (níor cheart go mbeadh an doiciméad sin breis agus 6 mhí níos sine ná dáta d'iarratais agus is gá go mbeidh do sheoladh IOMLÁN le feiceáil air):

- bille fóntais nó bille líne thalún teileafóin;
- ráiteas ó bhanc, ó chumann foirgníochta nó ó chomhar creidmheasa;
- litir a bheidh dírithe chugat ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí nó ó na Coimisinéirí Ioncaim;
- litir a bheidh dírithe chugat ó aon chomhlacht reachtúil eile nó ó aon ghníomhaireacht Stáit eile; nó
- litir a bheidh dírithe chugat ó chuideachta árachais maidir le polasaí árachais reatha.

### 3. Cruthúnas ar do UPSP

Uaslódáil cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas ar a dtaispeántar do **UPSP IOMLÁN**. **Tá 7 n-uimhir mar aon le 1 nó 2 litir san UPSP.** Tabhair faoi deara le do thoil gur gá go mbeidh an téarma "UPSP" le feiceáil go soiléir ar dhoiciméad a úsáidfear mar chruthúnas ar UPSP.

- Cárta Seirbhísí Poiblí - an dá thaobh (éadan agus cúl)
- Cárta leighis
- Cárta don Scéim Íocaíochta Drugaí
- Comhfhreagras a bheidh dírithe chugat ón Roinn Coimirce Sóisialaí nó ó na Coimisinéirí Ioncaim
- Measúnú Cánach nó Fógra maidir le Creidmheasanna Cánach
- Duillín pá, nó Achoimre Sonraí Fostaíochta ó na Coimisinéirí Ioncaim.
- Is féidir an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte arna eisiúint ag Rialtas na hÉireann a úsáid freisin i gcás gurb é an ***Uimhir Aitheantais Phearsanta*** do UPSP.

Féach ár Ráiteas maidir le Cosaint Sonraí ag centralcreditregister.ie chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an gcaoi ina bpróiseáltar do chuid faisnéise pearsanta.

I gcás iarratas poist, íoslódáil foirm iarratais ag https://www.centralcreditregister.ie/ga/iasachtaithe/iarratas-a-chur-isteach-agus-do-chearta-eile/iarratais-poist/ nó déan teagmháil linn ag myrequest@centralcreditregister.ie.

Lúnasa 2024